2026/2126

24.9.2026

CINNEADH (AE) 2026/2126 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

maidir le síniú an Chomhaontaithe idir Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus an tAontas Eorpach maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir údaráis inniúla Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 85, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Márta 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire le haghaidh comhaontú idir Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus an tAontas Eorpach maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir údaráis inniúla Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust).

(2) Rinne an Coimisiún an Comhaontú seo a chaibidil idir Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus an tAontas Eorpach maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir údaráis inniúla Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) ('an Comhaontú').

(3) Foráiltear le hAirteagal 47(1) agus le hAirteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] go bhféadfaidh Eurojust comhar a bhunú agus a choinneáil ar bun le húdaráis tríú tíortha bunaithe ar straitéis chomhair.

(4) De bhun Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) 2018/1727, féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar choinníoll, *inter alia*, comhaontú idirnáisiúnta a bheith tugtha i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena ndéantar foráil maidir le coimircí leormhaithe i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(5) Leis an gComhaontú, is féidir sonraí pearsanta a aistriú idir Eurojust agus údaráis inniúla Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(6) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina n-iomláine cearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa a leagtar síos in Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, faoi seach. Go háirithe, áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Eurojust faoin gComhaontú a chosaint.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2018/1727 agus dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

[1] Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1727/oj).

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus thug sé Tuairim 15/2026 uaidh an 10 Lúnasa 2026.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus an tAontas Eorpach maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir údaráis inniúla Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) ('an Comhaontú') a shíniú, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích. ([3]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([3]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.